Teach an Phiarsaigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi theach an Phiarsaigh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

Cé hé an Piarsach?
Cad atá ar eolas agat faoi?

Ceist 2 Ceangail na focail Ghaeilge (atá sa mhír) leis na focail Bhéarla.

1. Memorial centre	a. *Oifig na nOibreacha Poiblí*
2. funding	b. *curtha ar leataobh*
3. 500,000	c. *éiginnteacht*
4. uncertainty	d. *a chur i gcrích*
5. the sum	e. *cúnamh*
6. proposal	f. *lonad cuimhneacháin*
7. put aside	g. *maoiniú*
8. Office of Public Works	h. *togra*
9. help	i. *an tsuim*
10. to complete/ accomplish	j. *leathmhilliún*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé mhéad atá an rialtas a chur ar fáil do Theach an Phiarsaigh?
2. Cé mhéad a thabharfar sna blianta 2014, 2015 agus 2016?
3. Cén fáth a luann Colm Ó Mainnín an figiúir 4 mhilliún?
4. Cé hiad na heagraíochtaí eile a bheidh ag tabhairt maoiniú don ionad?
5. An bhfuil Colm Ó Mainnín sásta leis an maoiniú a fuair an tionscadal?

Ceist 4 Tá ceithre aimsir in úsáid sa tuairisc. An féidir leat iad a ainmniú?
Féach ar an tuairisc arís agus tabhair sampla amháin de gach aimsir.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____

Ceist 5 Féach ar an sliocht ón bhfoclóir. Cad is brí leis na noda seo?



gearrthacha : GEARRADH.
gearrthaíocha, *var. pl. of* GEARRADH.
gearrthamall, *m.* (*gs. & npl.* **-aill,** *gpl.* ~). Short, moderate, space of time.
gearrthán, *m.* (*gs. & npl.* **-áin,** *gpl.* ~). Cutting, clipping.
gearrthóg, *f.* (*gs.* **-óige,** *npl.* ~**a,** *gpl.* ~). **1.** Cutting, snippet; (*pl.*) trimmings. *S.a.* LEABHAR[1] *I(d).* **2.** *Cu:* Cutlet.
gearrthóir, *m.* (*gs.* **-óra,** *pl.* ~**í**). **1.** (*Of person, implement*) Cutter. **2.** (Cold) chisel. **3.** *Ich:* Tope.
gearrthóireacht, *f.* (*gs.* ~**a**). (Act of) cutting;

f. _____
m. _____
npl. _____
gs. _____
gpl. _____
var. _____

An bhfuil an leagan Gaeilge agat ar na téarmaí thuas?

Ceist 6 '…dhá mhilliún…'

Líon isteach an bosca leis an bhfoirm cheart den ainmfhocal 'milliún':

1	2	3-6	7-10

Ceist 7 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Cén Ghaeltacht ina bhfuil Ros Muc?
Cad iad na Gaeltachtaí ar fad in Éirinn?
An bhfuil cur amach agat ar na Gaeltachtaí ar fad?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	g	j	c	i	h	b	a	e	d

Ceist 3

1. Dhá mhilliún euro.
2. 2014 - leathmhilliún, 2015 - milliún agus 2016 – leathmhilliún.
3. Dúirt sé gur cheap sé go raibh ceithre mhilliún ar fáil don togra ag an tús.
4. Údarás na Gaeltachta, Oifig na nOibreacha Poiblí, an Chomhairle Contae agus Fáilte Éireann.
5. Cuireann sé fáilte mhór roimh an maoiniú atá curtha ar fáil.

Ceist 4

An aimsir chaite, láithreach, fháistineach agus an modh coinníollach.
Féach an script le haghaidh samplaí.

Ceist 5

f.	*feminine noun, ainmfhocal baininscneach*
m.	*masculine noun, ainmfhocal firinscneach*
npl.	*nominative plural, ainmfhocal san iolra*
gs.	*genitive singular, an tuiseal ginideach uatha*
gpl.	*genitive plural, an tuiseal ginideach iolra*
var.	*variant, leagan malartach*

Ceist 6

1	2	3-6	7-10
milliún	dhá mhilliún	trí mhilliún	ocht milliún

Ceist 7

Is féidir gach beirt (nó grúpaí) a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonghaile
Tá sé fógartha ag an rialtas go bhfuil dhá mhilliún euro á gcur ar fáil le hionad cuimhneacháin nua a thógáil ag Teach an Phiarsaigh i Ros Muc i gConamara. Is as seo go ceann trí bliana a chuirfear an maoiniú ar fáil, leathmhilliún in 2014, milliún in 2015 agus leathmhilliún in 2016. Bhí éiginnteacht ann roimhe seo maidir leis an tsuim go díreach a bhí le cur ar fáil ag an rialtas don togra faoi chlár cuimhneacháin 1916.

Colm Ó Mainnín
Cuirimid fáilte is fiche roimh an scéal seo a tháinig amach inniu i dtaobh an ionaid ag Teach an Phiarsaigh i Ros Muc. Agus, níl ann ach dhá mhilliún ach san am céanna, bhí dhá mhilliún, bhuel bhí ceithre mhilliún ceaptha ó thuas le haghaidh an togra ar fad, ach ansin tá mé ag ceapadh go bhfuil milliún curtha ar leataobh ag Údarás na Gaeltachta agus tugann sé sin é suas go dtí trí mhilliún, ar nós rud ar bith eile, tiocfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí, an Chomhairle Contae, Fáilte Éireann, tiocfaidh siad aníos le ceann eile mar a déarfá, le milliún eile nó pé … a chaithfidh siad a dhéanamh. Cuirimid fáilte mhór roimhe agus cuirimid fáilte roimh chuile[1] dhuine a thug cúnamh dúinn suas go dtí seo, an togra seo a chur i gcrích. Agus, tá sé píosa maith ar bhealach ach san am céanna is breá an rud go dtáinig sé anois.

[1] *gach uile dhuine* atá sa chaighdeán